

Coláiste Feirste

Polasaí ar an Iompar don Fhoghlaim

2016 - 2017

Coláiste Feirste

Fís

Aithníonn Coláiste Feirste an tábhacht a bhaineann le tréadchúram maidir lena éifeacht ar shainmheon na scoile. Féachaimid le hatmaisféar a chruthú ina mothaíonn na daltaí ar a gcompord agus sábháilte: - ina mothaíonn siad go bhfuil tábhacht agus fiúntas mór leo mar dhaoine óga agus ina spreagtar iad le scileanna foghlama agus sóisialta a fhorbairt i dtimpeallacht shlán agus fholláin.

Aidhmeanna Choláiste Feirste

Is í príomhaidhm Choláiste Feirste an réimse is leithne iar-bhunoideachais trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus barr feabhais a bhaint amach i ngach gné den obair sin. Tá 25 bliain de thaithí ag an scoil ar iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge a chur ar fáil a thugann dár gcuid daltaí na scileanna sóisialta, intleachtúla agus teicniúla a chuideoidh leo bheith ina ndaoine fásta iomlána agus geanúla. Spreagaimid ár gcuid daltaí le haithint gur oidhreacht bheo luachmhar iad a dteanga agus a gcultúr as a dtig leo pléisiúr agus sásamh a bhaint agus cothaímid eolas, caoinfhulaingt agus meas iontu i leith thraidisiúin, dhearcadh agus shlí bheatha daoine eile.

Polasaí ar an Iompar don Fhoghlaim

Na Bunphrionsabail atá mar bhunús le Polasaí Iompair na Scoile

Is ráiteas dea-chleachtais An Polasaí ar an Iompar don Fhoghlaim i gColáiste Feirste a ligeann do pháistí foghlaim agus do na múinteoirí teagasc. Clúdaíonn sé gach gné den scoil a chuidíonn le timpeallacht foghlama agus eiteas scoile dearfach a chur chun cinn. Táthar ag súil go gcuideoidh gach ball den scoil le timpeallacht mhaith foghlama arb iad cóimheas, cúirtéis agus inghlacthacht a bunphrionsabail a chothú.

Aidhmeanna Polasaí Iompair Dearfach:

- An cultúr Gaelach agus an Ghaeilge a chur chun cinn
- Tacaíocht a thabhairt do theagasc agus d'fhoghlaim éifeachtach
- Cuidiú le cóimheas a chur chun cinn
- Timpeallacht ordúil a choinneáil laistigh den scoil agus den phobal máguaird
- Comhaontú agus tacaíocht ghníomhach a fháil ó na múinteoirí, ón fhoireann tacaíochta agus ó thuismitheoirí/ó chúramóirí
- Guthanna na nDaltaí maidir le hionchais agus Cúiteamh Iompar don Fhoghlaim a chur chun cinn

- Obair a dhéanamh i gcomhar le tuismitheoirí/cúramóirí chun iompar agus dearcthaí dearfacha a spreagadh
- Dea-iompar agus éachtaí maithe a chúiteamh
- Drochiompar a smachtú

Ionchais Ghinearálta:

- Gaeilge a úsáid i gcónaí
- Caith an éide scoile cheart
- Bí in am ag scoil agus ag na ranganna go léir
- Bí ullmhaithe agus lánfheistithe do na ranganna go léir, éide chorpoideachais a thabhairt isteach leat agus í de dhíth ort, san áireamh
- Bí freagrach as timpeallacht na scoile
- Bí slán sábháilte
- Bí cineálta, béasach agus cúramach
- **BÍ SPREAGTHA LE FOGHLAIM**
- **BÍ MEASÚIL**

Freagrachtaí, Rialacha agus Gnáthaimh

Déanann muid athbhreithniú ar an pholasaí iompair gach bliain.

Tá na rialacha seo mar bhunús leis an iompar taobh istigh agus taobh amuigh den rang.

Seo ár 6 phríomhriail:

Bainfidh muid úsáid as an Ghaeilge agus muid ag caint lena chéile agus leis an fhoireann.

Beidh meas againn ar a chéile, ar dhaoine eile agus ar ár dtimpeallacht

- Caithfidh muid le daoine eile agus lena sealúchas mar ba maith linn go gcaithfí linne
- Éistfidh muid go cúramach le gach ball den fhoireann agus lenár gcomhdhaltaí
- Beidh meas againn ar gach ball de phobal Choláiste Feirste
- Beidh meas againn ar dhearcadh daoine eile
- Coinneoidh muid ár scoil glan agus néata
- Labhróidh muid le chéile ar bhealach bhéasach agus shuaimhneach
- Cuirfidh muid fáilte roimh agus beidh meas againn ar chuairoteoirí chuig ár scoil

Bogfaidh muid thart ar an scoil ar bhealach ordúil

- Siúlfaidh muid ar an taobh chlé i ngach foirgneamh scoile
- Seasfaidh muid i líne go ciúin taobh amuigh den seomra ranga
- Ní scairtfidh muid amach nó ní úsáidfidh muid droch-chaint
- Oslóidh muid an doras dá chéile agus do na baill foirne
- Ní fhágfaidh muid ár n-earraí féin sa dorchla

Tiocfaidh muid chuig an rang le hobair dhícheallach a dhéanamh

- Tiocfaidh muid go dtí an rang in am
- Tiocfaidh muid leis an trealamh cheart don cheacht
- Suífidh muid síos go gasta agus go ciúin
- Tiocfaidh muid agus an dearcadh foghlama ceart againn

Foghlaimidh muid le héisteacht agus éistfidh muid le foghlaim

- Éistfidh muid leis an mhúinteoir
- Leanfaidh muid an teagasc agus na treoracha
- Éistfidh muid le daltaí eile
- Cuideoidh muid lenár gcomhdhaltaí ina bhfoghlaim

Déanfaidh muid cinnte go gcaithfidh muid na héadaí cearta ar scoil

- Caithfidh muid an éide scoile iomlán cheart
- Cuirfidh muid íomhá dhearfach de Choláiste Feirste chun cinn

Freagrachtaí na nDaltaí

Daltaí:

- Labhróidh muid i nGaeilge go measúil agus leis an fhoireann i gcónaí
- Leanfaidh muid treoracha ó fhoireann na scoile, cloífidh muid le rialacha na scoile agus glacfaidh muid le smachbhannaí sa dóigh cheart.
- Beidh muid inár n-ambasadóirí dearfacha don scoil agus gan muidne ar fhoirgneamh na scoile.

- Ní thabharfaidh muid ábhar míchuí nó mídhleathach ar bith isteach linn sa scoil ar chor ar bith.
- Beidh meas againn ar fhoireann na scoile, ar chomhdhaltaí, ar shealúchas agus timpeallacht na scoile i gcónaí.
- Ní dhéanfaidh muid a bheag de, dochar do nó tromaíocht ar dhaltaí eile nó ar an fhoireann.
- Comhoibreoidh agus cloífidh muid le socrú ar bith déanta chun tacú lena n-iompar amhail tuairiscí agus rannpháirteachas ó áisíneachtaí seachtracha srl.
- Bainfidh muid úsáid fhreagrach as na meáin shóisialta

Freagrachtaí na Foirne

An Fhoireann

- Labhróidh muid i nGaeilge go measúil leis na daltaí agus lena chéile
- Caithfidh muid le daltaí go cothrom agus le meas;
- Cuideoidh muid leis na daltaí go léir a n-acmhainneacht iomlán a fhorbairt;
- Teagascóidh muid curaclam dúshlánach, suimiúil agus ábartha;
- Cruthóidh muid timpeallacht shlán, shábháilte, dheas, fhisiciúil agus mhothúchanach;
- Bainfidh muid úsáid shoiléir agus sheasmhach as iarmhairtí dearfacha agus diúltacha;
- Beidh muid inár n-eiseamláirí maithe;
- Déanfaidh muid caidrimh dhearfacha le tuismitheoirí agus le daltaí;
- Aithneoidh muid agus beidh meas againn ar láidreachtaí gach dalta; agus
- Cuirfidh muid creatlach ar fáil chun na scileanna agus ábaltachtaí pearsanta, sóisialta agus mothúchána atá bunaithe ar Pholasaí ar an Iompar don Fhoghlaim, a theagasc.

Freagrachtaí na dTuismitheoirí/na gCúramóirí

Caithfidh Tuismitheoirí/Cúramóirí

- Cinntiú go labhróidh a bpáiste Gaeilge a mhéad agus is féidir
- Daltaí a chur ar an eolas faoin iompar cheart;
- Neamhspleáchas agus féinsmacht a spreagadh;
- Suim a léirú sna rudaí go léir a dhéanann a bpáiste ar scoil;
- Tacú agus obair a dhéanamh i gcomhar leis an scoil chun a bpolasaí a chur i bhfeidhm;
- Eolas a bheith acu ar rialacha na scoile;
- Cinntiú go bhfreastalóidh na daltaí ar scoil in am, an éide scoile cheart orthu agus an trealamh cheart leo;
- Ba chóir do thuismitheoirí coinne a shocrú sula labhródh siad le ball foirne.

Gutháin Póca:

Ba chóir gutháin póca a mhúchadh i rith uaireanta na scoile agus a chur amach as amharc. Muna gcloífead leis an riail seo, tógfar an guthán póca uathu. Ní thabharfar an guthán póca ar ais go dtí go dtiocfaidh tuismitheoir chuig oifig na scoile lena thógáil.

Ó thaobh slándála agus cosaint phearsanta agus sonraí de, tá dianchosc ar ghrianghrafanna a ghlacadh nó físiómhanna a thaifeadadh le gutháin póca taobh istigh de Choláiste Feirste. Muna gcloífead leis an riail seo, féachfar air mar shárú tromchúiseach ár gcóid iompair.

Ní ghlacann Coláiste Feirste le freagracht ar bith as cailliúint guthán póca.

Seinnteoírí MP3:

Tá cosc ar sheinnteoírí MP3 a úsáid ach nuair a shíleann múinteoir go bhféadfaidh siad bheith ina gcuidiú le toradh/obair foghlama ar leith i ranganna amhail rang MIA nó rang Ealaíne.

Ní ghlacann Coláiste Feirste le freagracht ar bith as cailliúint ar bith de na hearraí seo.

Éide Scoile:

- Caithfead an éide scoile iomlán a chaitheamh an t-am ar fad agus na bróga cearta orthu fosta. Má bhíonn fáth bailí ann nach gcaithfead cuid nó codanna den éide, ní mór go dtabharfar litir sínithe don Mhúinteoir Foirme. Má bhíonn daltaí ann nach bhfuil fáth bailí acu as gan an éide a chaitheamh, tabharfar 24 uair dóibh chun cloí leis an riail nó déileálfar leis seo a thuilleadh.

Polasaí Luaíochtaí:

Aidhmeanna:

- Mar scoil, aithníonn muid gur eochairchuid d'fhorbairt a n-acmhainneachta ár ndaltaí a spreagadh agus a mholadh. Féachann muid air seo mar ghné thábhachtach de dhea-mhúinteoireacht agus de dha-chaidreamh idir na múinteoirí agus na daltaí.
- Iarrfaidh muid go gníomhach ar dheiseanna chun daltaí a mholadh laistigh agus lasmuigh de na ceachtanna.
- Spreagfaidh muid ár ndaltaí a n-acmhainneacht iomlán a chomhlíonadh beag beann ar a n-ábaltacht.

- Forbróidh muid córas luaíochtaí a ligfidh dúinn éachtaí, feabhas agus páirteachas i ngach gné de shaol na scoile a cheiliúradh

Baineann muid úsáid as na hiarmhairtí dearfacha seo a leanas:

- Luaíochtaí neamhlabharta cosúil le comhartha ordóg suas nó miongháire;
- Moladh;
- Obair a thaispeáint do mhúinteoir eile nó don Cheannmhúinteoir na Roinne / Bliana;
- Greamaitheoirí;
- Teastais Foghlama;
- Litreacha a chur chuig / scairteanna gutháin a chur ar thuismitheoirí sa bhaile;
- Obair a thaispeáint; agus
- Tionóil a shocrú le hobair mhaith a thaispeáint agus luaíochtaí a thabhairt;
- Duaiseanna d'ábhair indibhidiúla;
- Scéim Tí (Bliain 8) Baileoidh baill gach teach pointí as Gaeilge a labhairt, as dea-iompar agus dea-iarracht. Féadfar pointí a bhaint fosta.

Iompar don Fhoghlaim – Próiseas Atreoraithe Céimnithe

Má chuirfear do pháiste sa phróiseas atreoraithe, cuirfear in iúl duit sa dóigh is go dtabharfar tacaíocht duit, do do pháiste agus don scoil. Coinneofar an Múinteoir Foirme ar an eolas faoin dul chun cinn agus faoin cheisteanna a bhaineann le do pháiste ar fud an phróiseas atreoraithe iomlán.

Nuair a chuirfear do mhac/d'iníon ar tuairisc caithfidh sé/sí an tuairisc a thabhairt don mhúinteoir ábhair ag tús an cheachta agus ansin í a bhailiú ag deireadh an cheachta. Caithfidh sé/sí na tuairiscí go léir a thaispeáint don duine chuí ag deireadh an lae agus caithfear na spriocanna a phlé.

Caithfidh an dalta a dtuairisc a thabhairt abhaile, caithfidh tú í a shíniú agus ba chóir dóibh í a thabhairt ar ais don mhúinteoir chuí an lá dár gcionn.

- Beidh cur chuige céimnithe ann anois maidir le tacaíocht a thabhairt do do pháiste trí chóras atreoraithe soiléir a chur i bhfeidhm a thabharfaidh tacaíocht do riachtanais do pháiste, má bhíonn sé de dhíth.
- Léirítear é seo sa léaráid daite thíos.

- Déileálfaidh múinteoirí ábhair agus Múinteoir Foirme do pháiste leis an chuid is mó de na nithe sa scoil.
- Chomh maith leis sin, tabharfaidh an Ceanmhúinteoir Bliana tacaíocht muna mbeidh dul chun cinn déanta.

PRÓISEAS ATREORAITHE CÉIMNITHE

Céim 1: Tuairisc Ghlas

Déanta ag: Múinteoir Foirme

Fáthanna:

- Tuairiscí minice faoi dhrochiompar agus faoi dhúshlán a thabhairt
- Go minic mall don Chlárú
- Drochthrealamh de shíor
- Drochiarrachtaí i gceachtanna go minic



Gníomh:

- Spriocanna a leagan síos
- Scairt ghutháin a chur ar an bhaile
- Na buarthaí a phlé leis an dalta
- Teagmháil a dhéanamh leis an fhoireann do na tuairiscí
- Teagmháil laethúil leis an dalta
- An dalta a choinneáil istigh
- Monatóireacht a dhéanamh ar ócáidí malla
- Fanann an dalta sa scoil go 3:30 le cúrsaí a phlé
- An cheist a thaifeadadh ar SIMS

Má tá dul chun cinn déanta baintear an dalta den tuairisc agus ansin déanann an Múinteoir Foirme monatóireacht neamhfhoirmiúil orthu. Muna bhfuil dul chun cinn déanta i ndiaidh 2 seachtaine déantar an t-atreorú agus tugtar do CNB é le tuairiscí déanta suas chun dáta.

Céim 2: Tuairisc BHUÍ

Déanta ag: Ceannmhúinteoir Bliana

Fáthanna:

- Drochiompar agus dúshlán a thabhairt go minic
- Teip ar na spriocanna glasa a bhaint amach
- Ar ais ón tréimhse fiontraíochta
- Ceisteanna tromchúiseacha de réir breithiúnas an CNB féin
- Síordrochiompar sna dorchlaí
- Múitseáil



Gníomh:

- Spriocanna a leagan síos
- Cruinniú ag an CNB le tuismitheoir agus dalta
- Conradh iompair
- Monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna
- Dul i mbun plé leis an Teagascóir maidir le dul chun cinn
- Coinníonn CNB an dalta istigh
- An cheist a thaifeadadh ar SIMS

Má tá dul chun cinn déanta, baintear an dalta den tuairisc bhúí agus tugtar cárta molta dóibh ar feadh 1 seachtain ar a ndéanfaidh an Múinteoir Foirme monatóireacht. Má tá drochdhul chun cinn déanta i ndiaidh 2 seachtaine, déantar atreorú agus ansin tugtar don LP é.

Céim 3: Tuairisc Dhearg

Déanta ag: Ceannaire na hEochairchéime

Fáthanna:

- Teip ar na spriocanna BUÍ leagtha síos a bhaint amach
- Drochiompar/dúshlán a thabhairt go minic
- Eachtraí tromchúiseacha. M.sh. tromaíocht, ionsaí srl.



Gníomh:

- Litir fhoirmiúil curtha chuig na tuismitheoirí
- Cruinniú ag CnEC le tuismitheoir/leis an dalta
- Atreorú chuig áisíneacht sheachtrach
- IBP/Measúnú riosca
- Meantóir tacaíochta a cheapadh
- Coinníonn CnEC an dalta istigh
- Atreorú chuig an LP Thrédach
- Fiontraíocht Inmheánach
- An cheist a thaifeadadh ar SIMS

Má tá dul chun cinn déanta, baintear an dalta den tuairisc dhearg agus ansin caithfidh siad tuairisc CNB 2 seachtaine a dhéanamh. Má tá drochdhul chun cinn déanta i ndiaidh 2 seachtaine, déantar atreorú agus ansin tugtar don LP Thrédach é.

Céim 4: Tuairisc Ghorm

Déanta ag: Ceannaire na hEochairchéime

Fáthanna:

- Teip ar na spriocanna Dearga leagtha síos a bhaint amach
- Drochiompar/dúshlán a thabhairt go minic
- Eachtraí iontach tromchúiseach. M.sh. Drugaí nó alcól, ionsaí ar bha(i)ll foirne srl.

Gníomh:

- Freastalaíonn na tuismitheoirí ar chruinniú leis an LP Thrédach
- Déantar atreorú chuig áisíneacht/Nasc seachtrach
- IBP/Measúnú riosca
- Fiontraíocht tréimhse seasta
- Atreorú chuig an Phríomhoide/Bord Gobharnóirí do chaitheamh amach fhéideartha
- An cheist a thaifeadadh ar SIMS

Rannpháirteachas Tuismitheoirí

Aithníonn muid tábhacht na comhpháirtíochta leat chun tacú le foghlaim do pháiste. Ba mhaith linn bheith do do spreagadh páirt ghníomhach a ghlacadh sa scoil. Creideann muid go bhfuil sé riachtanach caidrimh iontaofa a bhunú leis na tuismitheoirí/cúramóirí go léir sa dóigh is go mbeidh muid ábalta comhoibriú le chéile ar mhaithe le gach dalta.

Nósanna Imeachta i bhFeidhm nuair atá Buairt ann Faoi Iompar Dalta

Má bhíonn buairt ann faoi iompar dalta, féadfar cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí/cúramóirí teacht agus labhairt lena M(h)úinteoir Foirme agus/nó lena C(h)eannmhúinteoir Bliana. Ligfidh sé seo don Mhúinteoir Foirme fáil amach má tá fachtóir ar bith ann a d'fhéadfadh tionchar bheith acu ar obair nó ar iompar an dalta sa scoil. Ansin pléifidh an múinteoir na bealaí is féidir leis an scoil agus leis na tuismitheoirí/cúramóirí cuidiú chun iompar an dalta a fheabhsú. Thiocfadh le spreagadh breise nó comhrá gairid leat agus/nó le do pháiste gach seachtain bheith i gceist.

Táthar ag súil go ndéanfaidh gach dalta dul chun cinn, ach má leanann an drochiompar ar aghaidh, beidh níos mó tacaíochta de dhíth. Ansin pléifidh an Múinteoir Foirme na bealaí is féidir cuidiú leis an dalta a n-iompar a fheabhsú leis na múinteoirí ábhair/ leis an Cheannmhúinteoir Bliana nó leis an Chomhordaitheoir Riachtanas Speisialta. D'fhéadfaí plean measúnaithe oideachais/riosca indibhidiúil a scríobh agus é a phlé leat.

I ndiaidh tamaill ghairid, déanfar athbhreithniú ar an phlean agus má bhí dul chun cinn déanta, féadfaidh an dalta leanstan ar aghaidh gan an plean. Má bhí an dul chun cinn fadálach, féadfar atreorú a dhéanamh chuig múinteoir tacaíochta iompair nó féadfar atreorú chuig áisíneacht tacaíochta sheachtrach a phlé leat.

I gcásanna faoi leith, d'fhéadfaí dalta a choinneáil amach ó cheachtanna taobh istigh agus amuigh den scoil. Ní dhéanfar seo ach má shíltear nach mbeidh bealach éifeachtach ar bith eile ann m.sh. nuair atá iompar an dalta ag cur na timpeallachta foghlama i mbaol. Déanfar maoirseacht ar an dalta agus tabharfar obair dó/di i rith na dtréimhsí seo.